

**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000016/2023
ar an gCoimisiún**

Riail 136

Younous Omarjee

thar ceann an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach

Ábhar: Gné an chomhtháthaithe de stáitchabhair an Aontais agus rialacha de minimis

An 23 Márta 2022 agus an 9 Márta 2023, ghlac an Coimisiún creataí géarchéime sealadacha chun a chur ar chumas na mBallstát tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs boilscithe ard agus cúnamh a thabhairt do phríomhearnálacha don aistriú chuig geilleagar glan-nialasach, agus ar an gcaoi sin níos mó bealaí a thabhairt isteach chun tacú le réigiúin faoi mhíbhuntáiste. Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún comhairliúchán maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán de minimis.

Tabhaíonn réigiúin atá thíos le míbhuntáistí tromchúiseacha buana costais bhreise, rud a fhágann nach mbíonn siad chomh iomaíoch céanna do ghnólaicthe agus nach mbíonn siad chomh tarraingteach céanna do chuideachtaí nua móra nó meánmhéide. Chuir na géarchéimeanna eacnamaíocha, COVID-19, fuinnimh, boilscithe agus aeráide i ndiaidh a chéile le cúlmaireacht na réigiún is lú forbairt agus na réigiún trasdula chomh maith le cúlmaireacht na réigiún is forimeallaí (Airteagal 349 CFAE) agus na réigiún sléibhtiúil, oileánach, oileánach, tearc i ndaonra agus tuaithe (Airteagal 174 CFAE). Tá baol ann freisin go ngabfar go leor réigiún san Aontas i ngaiste forbartha.

De réir Airteagal 175 CFAE, ní mór do bheartais eacnamaíocha na mBallstát, do bheartais agus do ghníomhaíochtaí an Aontais agus do chur chun feidhme an mhargaidh inmheánaigh na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE a chur san áireamh agus rannchuidiú lena mbaint amach.

Chun comhtháthú a choimeád ar bun, cóineasú a chur chun cinn agus míchothromaíochtaí réigiúnacha a cheartú, agus ag an am céanna a áirithiú nach ndéanfar deighiltí críochacha a leathnú agus an margadh aonair a shaobhadh trí bheith fabhrach do na Ballstáit agus na réigiún leis na seasaimh fhioscacha is fearr:

1. Conas a áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfead na prionsabail chomhtháthaithe a chumhdaítear in Airteagal 174 agus in Airteagal 175 CFAE san áireamh san athbhreithniú ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine?
2. An bhfuil an Coimisiún i bhfabhar forálacha breise maidir leis na réigiúin is forimeallaí, na réigiúin trasdula agus na réigiúin is mídheisiúla (mar a aithnítear in Airteagal 349 agus Airteagal 174 CFAE nó mar a shainítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna) a ionchorprú sna rialacha de minimis?

Curtha síos: 11.4.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 12.7.2023